Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12275/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0284 (NLE)**

**ECOFIN 854**
**UEM 215**
**FIN 903**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ísiltír a fhormheas |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) .../2022 ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ísiltír a fhormheas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bhí tionchar suaiteach ag ráig COVID-19 ar gheilleagar na hÍsiltíre. In 2019, 149,8 % de mheán an Aontais, b'shin é olltáirgeacht intíre (OTI) *per capita* na hÍsiltíre. Tháinig laghdú 3,9 % ar fhíor-OTI na hÍsiltíre in 2020 agus tháinig méadú 0,8 % air go carnach in 2020 agus 2021. I measc na ngnéithe fadtéarmacha a bhfuil tionchar acu ar fheidhmíocht eacnamaíoch sa mheántéarma tá míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhaineann le hardfhiachas príobháideach agus barrachas ard sa chuntas reatha, saobhadh sa mhargadh tithíochta, daonra atá ag dul in aois, fuinneamh agus dúshláin chomhshaoil agus deighilt i margadh an tsaothair.

(2) An 9 Iúil 2019, an 20 Iúil 2020 agus an 12 Iúil 2022, chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na hÍsiltíre i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Mhol an Chomhairle don Ísiltír an chlaontacht fiachais do theaghlaigh agus an saobhadh sa mhargadh tithíochta a laghdú, a áirithiú go mbeidh an dara colún den chóras pinsin níos trédhearcaí, níos cothroime ó ghlúin go glúin agus níos athléimní i leith suaití, agus beartais a chur chun feidhme chun ioncam indiúscartha teaghlach a mhéadú. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle don Ísiltír na dreasachtaí a laghdú do dhaoine féinfhostaithe nach bhfuil fostaithe acu agus, ag an am céanna, cosaint shóisialta leormhaith do dhaoine féinfhostaithe a chur chun cinn, dul i ngleic le féinfhostaíocht bhréagach agus dreasachtaí a laghdú chun fostaíocht sholúbtha shealadach a úsáid. Mhol an Chomhairle don Ísiltír freisin an fhoghlaim chuimsitheach ar feadh an tsaoil a neartú, maolú a dhéanamh ar thionchar ghéarchéim COVID-19 ar chúrsaí fostaíochta agus sóisialta, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna, agus deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a neartú, go háirithe scileanna daoine atá ar imeall mhargadh an tsaothair agus daoine atá neamhghníomhach ar mhargadh an tsaothair. Mhol an Chomhairle don Ísiltír tús áite a thabhairt d'infheistíocht phoiblí agus phríobháideach agus iad a chothú agus infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach, go háirithe maidir le scileanna digiteacha. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle borradh a chur faoi infheistíochtaí comhlántacha sa bhonneagar gréasáin fuinnimh, agus tuilleadh cuíchóirithe a dhéanamh ar nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh fuinneamh inathnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, go háirithe i bhfoirgnimh, agus dlús a chur le hinfheistíochtaí san iompar inbhuanaithe agus sa talmhaíocht inbhuanaithe. Thairis sin, mhol an Chomhairle don Ísiltír athléimneacht an chórais sláinte a áirithiú, lena n-áirítear trí dhul i ngleic le ganntanas lucht saothair agus trí úsáid a bhaint as uirlisí ríomhshláinte.

Thairis sin, moladh don Ísiltír maoirseacht éifeachtach a áirithiú ar an gcreat maidir le sciúradh airgid a chomharc chomh maith le forfheidhmiú éifeachtach an chreata sin. Moladh don Ísiltír staid fhioscach tacúil a shaothrú in 2022 freisin. Ar deireadh, iarradh ar an Ísiltír a áirithiú go mbeidh fás an chaiteachais reatha atá maoinithe go náisiúnta in 2023, i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe do theaghlaigh agus do na gnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de agus do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin á cur san áireamh. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha sin tráth a tíolacadh plean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre, measann an Coimisiún go bhfuil an moladh maidir leis an staid fhioscach in 2022 curtha chun feidhme go hiomlán. Tá dul chun cinn suntasach déanta i dtaca leis na moltaí maidir le hinfheistíochtaí i dtaighde atá dírithe ar mhisin, i bpleanáil ionsaitheach cánach agus i ndáil le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19.

(3) An 23 Bealtaine 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an Ísiltír faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Thángthas ar an gconclúid san anailís a rinne an Coimisiún go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann san Ísiltír, go háirithe leochaileachtaí a bhaineann le hardfhiachas príobháideach agus le barrachas mór sa chuntas reatha, rudaí a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú, (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

(4) Sa Mholadh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[1], moladh do Bhallstáit an limistéir euro gníomhú, lena n-áirítear trína bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, chun, *inter alia,* leanúint de bheartais fhioscacha náisiúnta a úsáid agus a chomhordú chun bonn éifeachtach a chur le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach. Sa Mholadh ón gComhairle sin freisin, moladh do Bhallstáit an limistéir euro beartais a chur chun cinn lena dtéitear i ngleic le pleanáil ionsaitheach chánach, lena n-áiritheofaí beartais ghníomhacha éifeachtacha maidir leis an margadh saothair, lena neartófaí córais chuimsitheacha oideachais agus oiliúna ardcháilíochta, lena ndéanfaí córais chosanta shóisialta a fhorbairt agus a oiriúnú nuair is gá, faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na bpacáistí tacaíochta beartais do chuideachtaí agus creataí institiúideacha náisiúnta a neartú chun aghaidh a thabhairt ar bhaic ar infheistíocht agus ar ath-leithdháileadh caipitil. Ar deireadh, sa Mholadh ón gComhairle sin moladh do Bhallstáit an limistéir euro cobhsaíocht mhacrairgeadais a áirithiú, bealaí creidmheasa a choinneáil agus leanúint den obair ar an Aontas Baincéireachta agus ar an euro digiteach.

---

[1] Moladh 2022/C 153/01 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 153, 7.4.2022, lch. 1).

(5) An 08 Iúil 2022, chuir an Ísiltír a plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. Lean an aighneacht sin próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Tá úinéireacht náisiúnta ar na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta mar bhonn taca lena gcur chun feidhme rathúil agus lena dtionchar marthanach ar an leibhéal náisiúnta agus lena gcreidiúnacht ar an leibhéal Eorpach. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

(6) Ba cheart cuspóirí ginearálta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 ('an tSaoráid') agus cuspóirí ginearálta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh arna bunú le Rialachán (AE) 2020/2094[1] ón gComhairle a shaothrú sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19. Ba cheart dóibh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn trí rannchuidiú leis na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241.

[1] Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnamh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433, 22.12.2020, lch. 23).

(7) Beidh cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta ina iarracht chomhordaithe lena ndéanfar athchóirithe agus infheistíochtaí ar fud an Aontais. Trí chur chun feidhme comhordaithe agus comhuaineach agus trí chur chun feidhme tionscadal trasteorann agus ilnáisiúnta, déanfaidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin a chéile a atreisiú go frithpháirteach agus beidh iarmhairtí dearfacha acu ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, tiocfaidh thart ar aon trian de thionchar na Saoráide ar fhás agus ar chruthú post na mBallstát as iarmhairtí ó Bhallstáit eile.

Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún

(8) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a rannchuidíonn go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(9) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bearta a chuireann le gach ceann de na sé cholún, agus roinnt comhchodanna ina dtugtar aghaidh ar cholúin éagsúla ag an am céanna. Cuidíonn an cur chuige sin lena áirithiú go dtugtar aghaidh ar gach colún ar bhealach cuimsitheach comhleanúnach. Tá an plean téarnaimh agus athléimneachta dírithe go mór ar an aistriú glas agus tá bearta ann a bhaineann le fuinneamh agus le haeráid. Leis na bearta chun fuinneamh níos inbhuanaithe a spreagadh, lena n-áirítear táirgeadh hidrigine glaise a mhéadú agus deireadh a chur le bacainní ar fhorbairt fuinnimh gaoithe amach ón gcósta, meastar go gcuirfear an t-aistriú glas chun cinn. Tugtar tuilleadh tacaíochta dó sin trí shoithí astaíochtaí nialasacha a fhorbairt agus a úsáid agus trí aeriompar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a fhorbairt. Tá sé d'aidhm ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta freisin an bhithéagsúlacht a athbhunú agus deascadh nítrigine a laghdú, rud atá ar cheann de na príomhdhúshláin chomhshaoil atá os comhair na hÍsiltíre. Meastar go rannchuideoidh plean téarnaimh agus athléimneachta go cuimsitheach leis an gcolún digiteach, le bearta lena gcuirtear teicneolaíochtaí nuálacha agus scileanna digiteacha chun cinn. Leis an nuachóiriú ar theicneolaíocht faisnéise sa riarachán poiblí, na breithiúna san áireamh, mar aon le bearta maidir leis an oideachas digiteach agus maidir le ríomhshláinte, cuirtear dlús leis an aistriú digiteach.

(10) Le roinnt codanna den phlean téarnaimh agus athléimneachta, d'fhéadfaí fás cliste inbhuanaithe a chothú, i gcomhréir leis an Straitéis Thionsclaíoch don Eoraip. Tá sraith beart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear athchóirithe ar an margadh tithíochta agus ar an margadh saothair, atá ceaptha chun táirgiúlacht agus fás a fheabhsú sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Beartaítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta an comhtháthú sóisialta a neartú trí bhearta struchtúracha ar mhargadh an tsaothair agus sna córais oideachais agus pinsin chomh maith. Cuimsíonn na bearta ábhartha i réimse an oideachais agus na hoiliúna bearta lena bhfeabhsaítear ábharthacht an bhunoideachais agus an mheánoideachais, go háirithe trí úsáid a bhaint as acmhainní digiteacha. Ar deireadh, chun suaití díobhálacha a mhaolú agus chun freagairt níos fearr a thabhairt ar ghéarchéimeanna, tá gníomhaíochtaí sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a mheastar a rannchuideoidh le feabhas a chur ar athléimneacht an chórais cúraim sláinte, lena n-áirítear an riosca maidir le géarghanntanas acmhainní daonna in earnáil an chúraim.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar gach dúshlán nó ar fho-thacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an Ísiltír, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh agus moltaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(12) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bearta lena dtacaítear le hinfheistíochtaí san aistriú glas agus san aistriú digiteach, rud a rannchuidíonn le dul i ngleic leis na moltaí tír-shonracha gaolmhara. A mhéid a bhaineann leis an aistriú digiteach, cuimsíonn an phlean téarnaimh agus athléimneachta bearta lena gcuirtear taighde agus nuálaíocht chun cinn a bhfuil sé d'aidhm acu infheistíochtaí príobháideacha san intleacht shaorga agus sa teicneolaíocht chandamach a ghiaráil. Tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta freisin chun infheistíochtaí san aistriú glas a scaoileadh, lena n-áirítear trí dheireadh a chur le bacainní ar fhorbairt feirmeacha gaoithe ar muir, tacaíocht a thabhairt don hidrigin ghlas agus trí rolladh amach teaschaidéal a spreagadh. Thairis sin, tacaítear le húsáid na hacmhainneachta breise ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite leis an '*Energy Law'* [an Dlí Fuinnimh], ar athchóiriú cuimsitheach é lena soláthraítear an creat dlíthiúil le haghaidh infheistíochtaí riachtanacha ó oibreoirí córas chun an eangach a mhodhnú chun freastal ar an méadú a mheastar a thiocfaidh ar tharchur fuinnimh arna ghiniúint ag foinsí inathnuaite fuinnimh. Atreisítear an t-aistriú i dtreo giniúint agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil le pacáiste d'athchóirithe i ndáil le glasú fioscach, arb é is aidhm dóibh tionchar a imirt ar iompar saoránach agus gnólachtaí chun tacú leis an aistriú glas. Thairis sin, tá imchlúdach airgeadais suntasach tiomnaithe do bhearta chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú.

(13) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta dhá infheistíocht atá tiomnaithe go díreach chun maolú a dhéanamh ar thionchar astaíochtaí nítrigine agus ar na bunchúiseanna atá leo. Meastar go mbeidh tionchar dearfach ag na bearta sin ar théarnamh na bithéagsúlachta agus go dtacóidh siad leis an athrú i dtreo talmhaíocht níos inbhuanaithe san Ísiltír. Ina theannta sin, cuimsíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta infheistíochtaí agus athchóirithe tábhachtacha chun tacú le hiompar inbhuanaithe de bhóthar, d'iarnród, d'aer agus d'uisce. Tá coinne leis go gcuirfidh an plean téarnaimh agus athléimneachta feabhas ar an soláthar tithíochta agus é d'aidhm aige ganntanais tithe inacmhainne go háirithe a laghdú. Is é is aidhm don athchóiriú ar chóras na bpinsean a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, aghaidh a thabhairt ar phríomhleochaileachtaí an dara colúin de chóras na bpinsean ó thaobh cothroime idirghlúine, trédhearcachta agus athléimneacht i leith suaití de.

(14) Tá roinnt beart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta atá dírithe ar an margadh saothair a neartú, agus ar an gcaoi sin tugtar aghaidh ar na moltaí tír-shonracha ábhartha. Ar an gcéad dul síos, an meascán de roinnt athchóirithe saothair, lena n-áirítear árachas éigeantach míchumais a thabhairt isteach agus bearta chun dul i ngleic le féinfhostaíocht bhréagach, meastar go rannchuideoidh siad chun dreasachtaí a laghdú le haghaidh daoine féinfhostaithe nach bhfuil fostaithe acu agus cothrom iomaíochta a bhaint amach idir daoine féinfhostaithe agus fostaithe. Ar an dara dul síos, cuimsíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh rannchuidiú chun deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a neartú. Ar an tríú dul síos, rannchuidíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta le dul i ngleic leis an nganntanas gairmithe teicneolaíochta faisnéise (TFC) trí infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht dhigiteach múinteoirí agus mac léinn ar leibhéil éagsúla den chóras oideachais, agus trí thaighde iarchéime agus iardhochtúireachta san intleacht shaorga agus i gcandam a mhaoiniú. Cuimsíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta freisin infheistíochtaí a mheastar a rannchuideoidh chun an ganntanas acmhainní daonna a laghdú in earnáil an chúraim tráth géarchéime sláinte, amhail trí chúltaca náisiúnta iar-ghairmithe cúraim sláinte a bhunú agus trí acmhainneacht dianchúraim a mhéadú. Ina theannta sin, is é is aidhm do bhearta eile cianchúram sláinte a chumasú trí úsáid a bhaint as ríomhsheirbhísí agus chun malartú sonraí a neartú idir institiúidí sláinte agus le haghaidh taighde.

(15) Cuimsítear roinnt athchóirithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta arb é is aidhm dóibh dul i ngleic le pleanáil ionsaitheach cánach ar bhealach níos éifeachtaí, go háirithe, trí cháin iarchoimeádta a thabhairt isteach ar dhíbhinní, ar ús agus ar íocaíochtaí ríchíosa a dhéantar le dlínsí ísealchánach agus i gcásanna a bhfuil mí-úsáid cánach ag baint leo faoi rialacháin frith-mhí-úsáide na hÍsiltíre. Mar chomhlánú ar na bearta a rinneadh le déanaí maidir le frithsciúradh airgid, cuimsítear bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta arb é is aidhm dóibh cur le bacainní le haghaidh coirpeach i ndáil le sciúradh airgid agus an acmhainneacht a neartú maidir le himscrúdú agus le hionchúiseamh.

(16) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, cuirtear bonn maith ar fáil d'athchóirithe breise sa mhargadh tithíochta agus sa mhargadh saothair agus d'infheistíochtaí breise i bhforbairt scileanna, scileanna digiteacha san áireamh, go háirithe do dhaoine atá ar imeall an mhargaidh saothair nó do daoine atá neamhghníomhach ar mhargadh an tsaothair.

(17) Is féidir a mheas go bhfuil na moltaí a bhaineann le freagairt láithreach an bheartais fhioscaigh do ghéarchéim COVID-19 lasmuigh de raon feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, d'ainneoin gur thug an Ísiltír freagra leormhaith agus leordhóthanach ar an ngá láithreach atá ann tacú leis an ngeilleagar trí mheáin fhioscacha in 2020, in 2021 agus in 2022, i gcomhréir le clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis.

(18) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle chuig an Ísiltír sa Seimeastar Eorpach in 2019, in 2020 agus in 2022, go háirithe i réimse an aistrithe dhigitigh, an aistrithe ghlais agus an aistrithe fuinnimh, an chórais pinsin, an mhargaidh saothair, an mhargaidh tithíochta, na pleanála ionsaithí cánach agus i réimse an chúraim sláinte.

(19) Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite, meastar go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta freisin chun ceartú a dhéanamh ar na míchothromaíochtaí a shainaithnítear sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 in 2019, in 2020, agus in 2022 ar míchothromaíochtaí iad arb ann dóibh san Ísiltír, go háirithe maidir le leochaileachtaí a bhaineann le hardfhiachas príobháideach agus barrachas mór sa chuntas reatha.

Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na hÍsiltíre a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(21) Léirítear in ionsamhlúcháin a rinne seirbhísí an Choimisiúin go bhféadfadh an plean téarnaimh agus athléimneachta, in éineacht leis an gcuid eile de bhearta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, OTI na hÍsiltíre a mhéadú 0,4 go 0,6 % faoi 2026, gan an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag athchóirithe struchtúracha a chur san áireamh, tionchar a d'fhéadfadh a bheith suntasach. Meastar freisin go gcuirfidh an plean téarnaimh agus athléimneachta go teoranta leis an bhfostaíocht. Meastar go n-eascróidh na héifeachtaí dearfacha is suntasaí agus is seasmhaí ar fhás agus ar tháirgiúlacht sa mheántéarma agus san fhadtéarma ó bhearta a bhaineann le hoideachas, taighde agus forbairt agus digitiú gheilleagar na hÍsiltíre, agus as athchóirithe ar na margaí fuinnimh agus saothair.

(22) Cuirtear i láthair sa phlean téarnaimh agus athléimneachta pacáiste d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí san oideachas agus áirítear ann reachtaíocht nua maidir le margadh an tsaothair. Meastar go dtabharfaidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin aghaidh ar roinnt dúshlán sna réimsí sin, rud a rannchuideoidh ar bhealaí éagsúla le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Go háirithe, meastar go rannchuideoidh na hathchóirithe ar mhargadh an tsaothair chun cothrom iomaíochta a bhaint amach idir daoine fostaithe agus daoine féinfhostaithe trí bhearta chun an fhéinfhostaíocht bhréagach a laghdú agus chun cumhdach cosanta sóisialta a fheabhsú do dhaoine féinfhostaithe. Meastar go rachaidh acmhainní breise le haghaidh an oideachais chun tairbhe do dhaoine óga, le hinfheistíochtaí arb é is aidhm dóibh scileanna digiteacha mac léinn agus múinteoirí a fheabhsú agus réitigh IS a fhorbairt don phróiseas foghlama. Leis na hathchóirithe ar an margadh tithíochta a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus le hinfheistíochtaí i dtithíocht inacmhainne agus in éifeachtúlacht fuinnimh, meastar go gcuirfear feabhas freisin ar an gcomhtháthú sóisialta.

(23) Na bearta chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, meastar go rannchuideoidh siad leis an athléimneacht, leis an nuálaíocht agus leis an inbhuanaitheacht san Ísiltír. Go háirithe, na hinfheistíochtaí chun an riarachán poiblí agus an lóistíocht a dhigitiú a thuilleadh, meastar go gcuirfidh siad leis an athléimneacht. Na hathchóirithe chun dícharbónú an gheilleagair a dhreasú, infheistíochtaí i dtáirgeadh fuinnimh inathnuaite agus in éifeachtúlacht fuinnimh, meastar go dtacóidh siad leis an aistriú glas agus go laghdóidh siad leochaileachtaí atá ann mar gheall ar spleáchas ar fhuinneamh iontaise ón gcoigríoch, agus ar an gcaoi sin go rannchuideoidh siad leis an athléimneacht. Meastar go gcuirfidh an t-athchóiriú ar an dara colún den chóras pinsin le hathléimneacht na gcistí pinsean i leith suaití. Ina theannta sin, tacaítear le hathléimneacht institiúideach le bearta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna pleanála ionsaithí cánach agus chun sciúradh airgid a chomhrac go héifeachtach.

(24) Na bearta a bhfuil sé d'aidhm acu feabhas a chur ar an mbonneagar digiteach agus ar an tsoghluaisteacht inbhuanaithe, meastar go bhfeabhsóidh siad an cóineasú agus an comhtháthú críochach. Cumhdaíonn infheistíochtaí in iarnróid agus sa tsoghluaisteacht chliste chríoch iomlán na hÍsiltíre agus meastar go ndéanfaidh siad comhtháthú na ngréasán iompair a threisiú. Leis na hinfheistíochtaí chun scileanna digiteacha a fheabhsú, meastar go dtacófar leis an gcomhtháthú críochach trí ligean do níos mó ball den tsochaí leas a bhaint as socruithe oibre nach bhfuil ceangailte a thuilleadh le spásanna fisiciúla oifige i gcathracha.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

(25) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta nach ndéanfaidh aon bheart maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil (Rátáil A), de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

[1] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú agus lena leasaítear Rialachán (AE). 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

(26) I gcomhréir leis an treoir theicniúil a thugtar san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal "Treoir theicniúil maidir le cur i bhfeidhm 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta"[1], thug an Ísiltír bonn cirt nach ndéanann na bearta uile a áirítear ina plean téarnaimh agus athléimneachta dochar suntasach d'aon chuspóir comhshaoil. Tugadh aird ar leith ar bhearta ar gá grinnscrúdú géar a dhéanamh ar a dtionchar ar chuspóirí comhshaoil. I ndáil leis sin, tá fianaise shubstaintiúil curtha ar fáil ag an Ísiltír agus déanann sí foráil maidir le gníomhaíochtaí maolaitheacha a chur chun feidhme chun dochar suntasach a sheachaint, rud ba cheart a bheith cumhdaithe sna garspriocanna agus sna spriocanna ábhartha. Baineann sé sin, go háirithe, leis an infheistíocht '*Green Power of Hydrogen'* [Cumhacht Ghlas Hidrigine], a bhaineann le táirgeadh agus úsáid hidrigine glaise, agus leis na hinfheistíochtaí a mhéid a bhaineann le soithí loingseoireachta intíre agus mara – '*Offshore Wind*' [Gaoithe amach ón gCósta] agus '*Inland waterway energy transition, project Zero Emission Services*' [Aistriú fuinnimh uiscebhealaí intíre, tionscadal Seirbhísí Astaíochtaí Nialasacha].

Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

(27) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a rannchuidíonn go mór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide méid arb ionann é agus 47,8 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

---

[1] IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

(28) Áirítear infheistíochtaí sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a mheastar a chuirfidh go mór le cuspóirí an dícharbónaithe agus an aistrithe fuinnimh mar a leagtar amach i bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021 go 2030 na hÍsiltíre, rud a chuirfidh le sprioc aeráide 2030 an Aontais. Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta cuirtear úsáid foinsí fuinnimh inathnuaite chun cinn trí thacaíocht shuntasach infheistíochta chun deireadh a chur le bacainní ar fhorbairt feirmeacha gaoithe amach ón gcósta. Díríonn an beart *'Gaoithe amach ón gCósta'* ar na costais iontrála agus ar na costais a bhaineann le comhtháthú ar réamhriachtanais iad chun feirmeacha den sórt sin a chur in úsáid, amhail sábháilteacht loingseoireachta, feabhsú an dúlra agus cosaint speiceas a áirithiú chomh maith leis an gcomhtháthú leis an eangach agus leis an éiceachóras ar tír mór. Tá infheistíochtaí i dtaighde agus forbairt agus in iarrachtaí nuálaíochta mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta freisin chun tacú le táirgeadh hidrigine inathnuaite a mhéadú mar bhealach chun an tionscal agus an eitlíocht a dhícharbónú. An mhéid a bhaineann le héifeachtúlachta fuinnimh, le hinfheistíochtaí arb é is aidhm dóibh tomhaltas fuinnimh foirgneamh a theorannú agus suiteálacha fuinnimh agus téimh atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise a chéimniú amach, cuirtear dlús leis an gconair i dtreo laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ sa timpeallacht thógtha. Trí bhíthin na hinfheistíochta '*Unlocking new construction projects'* [Scaoileadh le tionscadail nua tógála ], leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, cuidítear le comharsanachtaí cónaitheacha a dhéanamh níos athléimní i gcoinne iarmhairtí an athraithe aeráide. Maidir leis an aistriú comhshaoil, meastar go rannchuidítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta go díreach le caomhnú na bithéagsúlachta trí infheistíochtaí in athchóiriú limistéar Natura 2000 tríd an Clár Dúlra agus tríd an '*Aid Scheme for the Rehabilitation of Pig Farms*' [an Scéim Cúnaimh um Athshlánú Feirmeacha Muc]. Ar deireadh, cuimsíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta infheistíochtaí tiomnaithe chun tacú leis an aistriú i dtreo soghluaisteacht ghlan agus inbhuanaithe trí infheistíochtaí i soithí loingseoireachta intíre a bhfuil astaíochtaí nialasacha acu agus comharthaí bóthair cliste agus cur i bhfeidhm an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid.

(29) Déantar na hinfheistíochtaí a chomhlánú agus a threisiú le pacáiste leathan d'athchóirithe struchtúracha fuinnimh lena bhféachtar le gnólachtaí agus teaghlaigh a dhreasú chun an t-aistriú a dhéanamh i dtreo foinsí fuinnimh níos inbhuanaithe. Leis an Dlí Fuinnimh, meastar go soláthrófar an creat dlíthiúil is gá chun a chur ar a gcumas d'oibreoirí córas infheistíochtaí a dhéanamh chun an eangach a mhodhnú chun freastal ar an méadú ar an soláthar fuinnimh inathnuaite. Ina theannta sin, leis an Dlí Fuinnimh, meastar go ndéanfar cuíchóiriú ar nósanna imeachta um dheonú ceadanna agus ar nósanna imeachta cur chun feidhme le haghaidh tionscadail fuinnimh inathnuaite. Leis an Dlí Fuinnimh agus le 'Tabhairt isteach agus géarú thobhach $CO_2$ ar thionscal', meastar go n-éascófar dícharbónú an tionscail trí dheireadh a chur le díolúintí cánach le haghaidh earnálacha ardastaíochtaí agus trí íosphraghas a shainiú le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ de réir tionscail i gcás ina dtitfidh an praghas a leagtar síos le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais faoi bhun tairseach áirithe. Meastar go laghdófar astaíochtaí $CO_2$ ó iompar de bhóthar agus ón aeriompar le sraith athchóirithe eile. 'An tAthchóiriú ar Chánachas Gluaisteán' a chuimsíonn cáin ar mhíleáiste a thabhairt isteach agus deireadh a chur de réir a chéile le díolúintí CBL le haghaidh veaineanna a úsáideann breoslaí iontaise, mar aon le '*Increase of the Air Travel Tax'* [an Méadú ar an gCáin ar Aerthaisteal], tá sé d'aidhm acu teorainn a chur le soghluaisteacht atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

(30) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a rannchuidíonn go mór (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb ionann é agus 25,6 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(31) Leis na bearta atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an Ísiltír i dtaca leis an aistriú digiteach. Go háirithe, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le brú tráchta, cuimsíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta bearta chun córais bainistíochta tráchta a uasghrádú agus próisis lóistíochta a dhigitiú. Maidir leis an nganntanas struchtúrach gairmithe oilte (TFC), cuimsíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta bearta chun feabhas a chur ar acmhainneachtaí digiteacha mac léinn agus múinteoirí ar leibhéil éagsúla den chóras oideachais mar aon le clár scoláireachta i réimse na hintleachta saorga.

(32) Meastar go rannchuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leis an aistriú digiteach san Ísiltír i réimsí breise freisin. Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, rannchuidítear le digitiú breise a dhéanamh ar an riarachán poiblí trí athchóiriú chun trédhearcacht an rialtais láir agus seirbhísí poiblí eile a fheabhsú trí rochtain dhigiteach ar dhoiciméid a éascú, mar aon le hinfheistíochtaí i ndigitiú an chórais cheartais agus in uasghrádú chórais TF an rialtais láir. Thairis sin, tá sé d'aidhm ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta dlús a chur le feidhmchláir chandamacha a fhorbairt agus líonra a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus gnó a bhaineann leis an ríomhaireacht chandamach. I measc na mbeart breise a thacaíonn le teicneolaíochtaí nuálacha tá infheistíochtaí maidir le húsáid fhorleathan a bhaint as córais intleachta saorga sa gheilleagar.

(33) Ina theannta sin, tugtar aghaidh ar an digitiú mar théama trasearnála trí réitigh dhigiteacha a úsáid mar chuid de na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta chun cuidiú le cuspóirí aeráide a bhaint amach, digitiú an iompair san áireamh. Ar an gcaoi chéanna, cuimsíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta bearta lena dtacaítear le digitiú an oideachais agus na ríomhshláinte.

Tionchar buan

(34) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an Ísiltír.

(35) Mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, tá an Ísiltír ag tabhairt aghaidh ó thaobh struchtúir de ar ghnéithe dá córas cánach a úsáideadh le haghaidh pleanáil ionsaitheach cánach trí chlúdach cánach iarchoimeádta a leathnú chuig ríchíosanna agus díbhinní a íoctar le tíortha ísealchánach. Meastar go dtiocfaidh feabhas buan ar éifeachtúlacht seirbhísí poiblí mar thoradh ar bhearta a áirítear i ngné dhigiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Na bearta a chuimsítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, tá siad comhsheasmhach le clár oibre an rialtais a cuireadh in iúl ina chomhaontú comhghuaillíochta 2021-2025. Meastar go mbeidh tionchar struchtúrach ag príomh-athchóirithe mhargadh an tsaothair, mhargadh an fhuinnimh agus chóras na bpinsean ar an ngeilleagar agus go rachaidh an tionchar sin thar chreat ama na Saoráide .

(36) Meastar go mbeidh tairbhí le baint ag geilleagar na hÍsiltíre san fhadtéarma as na hinfheistíochtaí digiteacha agus as na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta atá dírithe ar an teicneolaíocht. Maidir le hinfheistíochtaí i ndigitiú gheilleagar na hÍsiltíre atá dírithe ar an todhchaí, mar shampla trí úsáid níos forleithne a bhaint as IS nó as an ríomhaireacht chandamach, meastar go mbeidh tionchar fadtéarmach acu ar iomaíochas agus ar tháirgiúlacht, agus meastar go rannchuideoidh bearta a thacaíonn le forbairt scileanna digiteacha chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais gairmithe TFC i gcuid mhór earnálacha den gheilleagar sa mheántéarma. Meastar freisin go gcuirfidh infheistíochtaí i soláthar tithíochta san Ísiltír feabhas ar an margadh tithíochta sna deich mbliana amach romhainn.

(37) Áirítear athchóirithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta freisin a chuireann tairbhí ar fáil do gheilleagar na hÍsiltíre san fhadtéarma. Leis an athchóiriú ar an gcóras pinsin, meastar go n-áiritheofar córas pinsean a sheasfaidh an aimsir agus a bheidh athléimneach i leith suaití, don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht. Meastar go mbeidh tionchar fadtéarmach ar an aistriú glas ag an athchóiriú ar an Dlí Fuinnimh tríd an gcreat dlíthiúil a sholáthar le haghaidh infheistíochtaí riachtanacha chun freastal ar an méadú a mheastar a thiocfaidh ar tharchur an fhuinnimh arna ghiniúint ag foinsí inathnuaite fuinnimh. Is féidir tionchar buan an phlean téarnaimh agus athléimneachta a fheabhsú freisin trí shineirgí idir an plean téarnaimh agus athléimneachta agus cláir eile, lena n-áirítear na cláir sin a mhaoinítear le cistí an bheartais chomhtháthaithe.

Faireachán agus cur chun feidhme

(38) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(39) Cuireann an plean téarnaimh agus athléimneachta an eagraíocht riaracháin i láthair lena cur chun feidhme agus tugtar forléargas ann ar na socruithe faireacháin agus tuairiscithe atá beartaithe agus sainaithnítear ann gníomhaithe agus na róil agus na freagrachtaí a bheidh acu. Feidhmíonn Stiúrthóireacht na Saoráide san Aireacht Airgeadais mar an comhlacht comhordúcháin. Cuirtear de chúram ar aireachtaí líne na stiúrthóireachtaí um chláir, athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme ina réimsí féin agus faireachán a dhéanamh orthu. Tá sé beartaithe garspriocanna agus spriocanna na mbeart a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur san áireamh in iarscríbhinn a ghabhann le pleananna bliantúla na n-aireachtaí éagsúla.

(40) Na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta athchóirithe agus infheistíochta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, is garspriocanna soiléire réalaíocha iad, agus is táscairí ábhartha, inghlactha láidre iad na táscairí atá beartaithe maidir leis na garspriocanna agus leis na spriocanna sin. Tá garspriocanna agus spriocanna atá scaipthe ar feadh na tréimhse cur chun feidhme ag gabháil leis na bearta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, cé nach bhfuil sé beartaithe roinnt príomh-athchóirithe a chur chun feidhme ach le haghaidh 2025 nó 2026, agus meastar go mbeidh éifeacht iomlán ag cuid de na hinfheistíochtaí is mó in 2025 agus 2026. Tá garspriocanna agus spriocanna go hábhartha freisin maidir le bearta a cuireadh i gcrích cheana agus atá incháilithe de réir Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ceanglaítear na garspriocanna agus na spriocanna sin a chomhlíonadh go sásúil le himeacht ama chun údar cuí a thabhairt le hiarraidh eisíocaíochta.

(41) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear tacaíocht airgeadais faoin tSaoráid a chur in iúl agus go n-aithnítear í i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfar tacaíocht theicniúil a iarraidh faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme.

Costáil

(42) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá an réasúnú a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir le méid chostais measta iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta réasúnta agus inchreidte go measartha láidir (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

---

[1] Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

(43) Tá miondealuithe mionsonraithe ar na meastacháin ar chostais curtha ar fáil ag an Ísiltír le haghaidh na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe faoi leith a bhfuil costas gaolmhar ag baint leo sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Léiríonn an measúnú ar chostais go bhfuil an chuid is mó de na costais sa phlean téarnaimh agus athléimneachta réasúnta agus inchreidte. Leis an bhfianaise a thacaíonn le meastacháin chostais, tugtar míniú réasúnta ar phríomhspreagthaí costais na mbeart atá beartaithe, cé go bhfuil éagsúlacht ann maidir le méid agus doimhneacht na fianaise a chuirtear ar fáil i dtaca le bearta éagsúla. Den chuid is mó, cuireadh tionscadail roimhe seo, sonraí tairisceana iarbhír nó sonraí faoi chostais chomparáideacha eile i láthair maidir leis na príomhspreagthaí costais chun bheith mar thagarmharc le haghaidh na meastachán ar chostais. I gcásanna áirithe, is teoranta na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáidtear chun na meastacháin chostais a dhéanamh, rud a chuireann bac ar mheasúnú iomlán dearfach ar na meastacháin chostais. Chuir an Ísiltír doiciméadacht tacaíochta mhionsonraithe ar fáil freisin maidir le formhór na mbeart chun bonn cirt agus fianaise na meastachán ar chostais a chur ar fáil. Mar sin féin, i gcás roinnt beart níl an nasc idir an réasúnú agus an costas féin lánsoiléir. Thug an Ísiltír faisnéis agus dearbhú leormhaith chun a áirithiú nach gcumhdaítear costais an phlean téarnaimh agus athléimneachta le maoiniú eile de chuid an Aontais. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

(44) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo, is leormhaith (Rátáil A) iad chun coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus meastar go seachnófar go héifeachtach leo cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun coinbhleachtaí leasa, éilliú, agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

(45) Tá an córas rialúcháin agus na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre bunaithe ar phróisis agus ar struchtúir láidre a úsáidtear sa chreat náisiúnta atá ann cheana. Tugtar tuairisc shoiléir sa phlean téarnaimh agus athléimneachta ar ghníomhaithe agus ar na róil agus na freagrachtaí atá acu i ndáil le feidhmiú na gcúraimí rialaithe inmheánaigh. Tá sé beartaithe Stiúrthóireacht thiomnaithe um Chláir don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta san Aireacht Airgeadais a ainmniú mar an comhlacht comhordúcháin agus dá réir sin beidh sí freagrach as leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Trí fhodhearbhuithe, beidh ar chomhlachtaí cur chun feidhme amhail aireachtaí, gníomhaireachtaí nó cuibhreannais deimhniú a dhéanamh ar chosaint leas airgeadais an Aontais agus ar bhailíocht na sonraí a tuairiscíodh maidir le garspriocanna agus spriocanna. Ní mór do stiúrthóireachtaí gnóthaí eacnamaíocha airgeadais gach aireachta na fodhearbhuithe sin a fhíorú agus a shíniú. Déanfaidh an t-údarás iniúchóireachta ‘auditdienst rijk’, ar seirbhís neamhspleách é laistigh den Aireacht Airgeadais, iniúchtaí rialta ar na córais bhainistíochta agus rialúcháin, tástáil shubstainteach san áireamh.

(46) An córas rialúcháin agus socruithe ábhartha eile, lena n-áirítear iad atá ceaptha chun sonraí faoi na catagóirí caighdeánaithe sonraí uile a leagtar amach in Airteagal 22(2), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, a bhailiú agus a chur ar fáil, is leormhaith iad chun éilliú, calaois agus coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí agus chun cistiú dúbailte a sheachaint faoi Rialachán (AE) 2021/241 agus faoi chláir eile de chuid an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart garsprioc a bhunú chun córas lárstórais a fhorbairt inar cheart an fhaisnéis uile a stóráil a bhaineann le baint amach garspriocanna agus spriocanna agus le bailiú agus stóráil na sonraí uile agus le rochtain orthu mar a leagtar amach in Airteagal 22(2) pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart an garsprioc sin a chur i gcrích sula gcuirfear isteach an chéad iarratas ar íocaíocht.

(47) An acmhainneacht riaracháin sna seirbhísí lárnacha a bhfuil sé de chúram orthu pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme agus a chomhordú, eadhon Stiúrthóireacht um Chláir na hAireachta Airgeadais, an comhlacht iniúchóireachta agus stiúrthóireachtaí eacnamaíocha airgeadais na n-aireachtaí earnála lena mbaineann, is leor an acmhainneacht sin chun na róil agus na cúraimí dá bhforáiltear a dhéanamh. Áiríodh dhá gharsprioc maidir le sainordú dlíthiúil an chomhlachta comhordúcháin agus iniúchóireachta a bhfuil baint aige le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/241 a ghlacadh go foirmiúil. Ba cheart na garspriocanna sin a chur i gcrích sula gcuirfear isteach an chéad iarratas ar íocaíocht.

Comhleanúnachas Pleananna téarnaimh agus athléimneachta

(48) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bearta láidre (Rátáil A) le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe struchtúracha agus tionscadal infheistíochta poiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(49) An plean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ísiltír i láthair, tá sé comhleanúnach, agus tá athchóirithe agus infheistíochtaí comhsheasmhacha ann a threisíonn a chéile, agus tá sineirgí idir na codanna éagsúla. Tá athchóirithe agus tionscadail infheistíochta poiblí sa phlean téarnaimh agus athléimneachta ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad. Leis na sé chuid déantar na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe a struchtúrú agus léirítear go maith iontu an gaol téamach agus na hidirnaisc atá eatarthu. Áirithítear comhleanúnachas laistigh de na codanna, le hinfheistíochtaí a ghabhann le hathchóirithe ábhartha, agus idir na codanna éagsúla sa chlár téarnaimh agus athléimneachta. Léiríonn na codanna uaillmhian fhoriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta chun borradh a chur faoin dul chun cinn i ndáil leis an aistriú dúbailte chun téarnamh ó ghéarchéim COVID-19.

An Comhionannas

(50) Tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a mheastar a chuideoidh leis an Ísiltír aghaidh a thabhairt ar dúshláin i réimse an chomhionannais inscne agus na gcomhdheiseanna do chách. Tá trí bheart sa ghné dhigiteach arb é is aidhm dóibh comhionannas inscne san earnáil a fheabhsú trí rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a éascú. Is é is aidhm do bhearta mhargadh an tsaothair lena laghdaítear difríochtaí institiúideacha idir daoine féinfhostaithe agus daoine fostaithe, cothrom iomaíochta a bhaint amach agus rannchuidiú chun comhdheiseanna a chothú. Cuimsíonn na bearta lena dtugtar aghaidh ar neamhionannais san oideachas tacaíocht threisithe do scoileanna ina bhfuil mic léinn ó chúlraí socheacnamaíocha atá faoi mhíbhuntáiste chun dul i ngleic le caillteanais foghlama atá ann mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19. Meastar freisin go gcuirfidh tacaíocht do dhaoine óga, lena n-áirítear daoine i ngrúpaí leochaileacha, le comhdheiseanna trí ghníomhaíochtaí oiliúna agus trí ghairmthreoir.

Féinmheasúnú slándála

(51) Tá féinmheasúnú slándála gairid curtha ar fáil ag an Ísiltír i gcomhréir le hAirteagal 18(4), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 mar chuid den bheart infheistíochta ‘Groundbreaking IT’(TF Ceannródaíoch). Baineann an beart sin le hathrú ó bhonn ar chórais ríomhaireachta inmheánacha na hAireachta Cosanta. Áirítear ann coimircí cibearshlándála ábhartha i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta. Ní chuimsítear infheistíochtaí i líonraí 5G ná i líonraí fíor-ardacmhainne sa phlean téarnaimh agus athléimneachta.

Tionscadail trasteorann agus tionscadail ilnáisiúnta

(52) Tá roinnt beart infheistíochta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a bhfuil gné shuntasach trasteorann ag baint leo. Níl aon tionscadal curtha chun feidhme i gcomhpháirt le tíortha eile, ach meastar go mbeidh éifeachtaí iarmharta dearfacha ag roinnt tionscadal ar Bhallstáit eile, amhail an infheistíocht 'Aviation in Transition' ['Eitlíocht i mbun Aistrithe], arb é is aidhm di astaíochtaí ón eitlíocht a laghdú, agus an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid a bhfuil sé mar aidhm leis an córas faireacháin traenach a ailíniú leis an gcaighdeán Eorpach um chosaint agus rialú traenacha.

An próiseas comhairliúcháin

(53) Foilsíodh an chéad choincheap den phlean téarnaimh agus athléimneachta an 28 Márta 2022. Le linn an phróisis chomhairliúcháin ina dhiaidh sin, lorgaíodh comhairle agus faisnéis ó pháirtithe leasmhara ábhartha. Áiríodh leis sin cruinnithe le húdaráis phoiblí (bardais, cúigí agus boird uisce (i.e. na heagraíochtaí atá freagrach as bainistiú uisce san Ísiltír)), comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí atá ag obair chun comhionannas inscne agus comhdheiseanna do chách a chur chun cinn. Ina theannta sin, foilsíodh comhairliúchán ar líne trína bhféadfadh saoránaigh ionchur a thabhairt maidir leis an gcéad choincheap den phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre. Mar thoradh ar chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara, rinneadh roinnt leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, amhail an beart 'Investment Subsidy for Sustainable Energy and Energy Saving (ISDE)' '[Fóirdheontas Infheistíochta le haghaidh Fuinneamh Inbhuanaithe agus Sábháil Fuinnimh (ISDE)]' a chur in ionad an bhirt 'Stimulating hybrid heat pumps' ['Teaschaidéil hibrideacha a spreagadh'], mar fhreagairt ar bharúlacha ó chomhúdaráis. Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta.

Measúnú dearfach

(54) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre agus an toradh a bhí air, mar atá, comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart go leagfaí amach leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, na garspriocanna, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

Ranníocaíocht airgeadais

(55) Is é EUR 4 708 293 000 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre. Ós rud é go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241 go sásúil agus, ina theannta sin, ós rud é go bhfuil méid chostais mheasta iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais atá ar fáil i gcás na hÍsiltíre, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais a leithdháiltear le haghaidh phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil i gcás na hÍsiltíre.

(56) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, déanfar ríomh na ranníocaíochta airgeadais uasta don Ísiltír a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022. Dá réir sin, i gcomhréir le hAirteagal 23(1) den Rialachán sin, ba cheart méid don Ísiltír nach mó ná an ranníocaíocht uasta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 11(1), pointe (a), den Rialachán sin a chur ar fáil le haghaidh gealltanas dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022, agus ba cheart méid nach mó ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den Rialachán sin a chur ar fáil le haghaidh gealltanas dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

(57) An tacaíocht atá le soláthar, tá sí le maoiniú ó iasachtaí a gheobhaidh an Coimisiún thar ceann an Aontais ar bhonn Airteagal 5 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle[1]. Ba cheart an tacaíocht a íoc i dtráthchodanna a luaithe a bheidh na garspriocanna agus spriocanna ábhartha arna sainaithint maidir le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta comhlíonta go sásúil ag an Ísiltír.

---

[1] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1)

(58) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na garspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

*Airteagal 2 Ranníocaíocht airgeadais*

1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Ísiltír i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb ionann í agus EUR 4707 063 471[1]. Beidh méid EUR 3 929 409 575 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022. Beidh méid breise EUR 777 653 896 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Ísiltír i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Féadfaidh an Coimisiún na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir cistiú a bheith ar fáil.

[1] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hÍsiltíre de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.

3. Déanfar tráthchodanna a scaoileadh i gcomhréir leis an gcomhaontú dá bhforáiltear in Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ar choinníoll go mbeidh cistiú ar fáil agus cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha arna sainaithint maidir le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta comhlíonta go sásúil ag an Ísiltír. Chun bheith incháilithe d'íocaíocht, comhlánóidh an Ísiltír na garspriocanna agus na spriocanna tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2026, faoi réir theacht i bhfeidhm na ngealltanas dlíthiúil dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Is chuig Ríocht na hÍsiltíre a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*